# Fógra Príobháideachais Grianghrafadóireacht/Píosaí Scannáin Drone/Físeán le grianghrafadóir/físghrafadóir Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag Fáiltiú Abhaile Cathartha d'Fhoireann Peile Sinsir na Gaillimhe – 29 Iúil 2024.

Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-údarás áitiúil do Chontae na Gaillimhe agus d'fhonn a feidhmeanna a chur i gcrích, éilítear ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe méid suntasach "Sonraí Pearsanta" a phróiseáil laistigh de bhrí na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 / 2003/2018 ("na hAchtanna") agus an rialachán Eorpach 2016/679 (GDPR). Tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe aird ar chearta príobháideachais na ndaoine a ndéanaimid a gcuid Sonraí Pearsanta a phróiseáil agus tá sí ar an eolas maidir lena cuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Tugtar míniú san Fhógra Príobháideachais seo maidir le mar a dhéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta a phróiseáil i.e. na grianghraif/físeán/píosaí scannáin drone a thógann grianghrafadóir/físghrafadóir na Comhairle ag an bhFáiltiú Abhaile Cathartha d'Fhoireann Peile Sinsir na Gaillimhe.

**Cén cineál Sonraí Pearsanta a bhaileofar agus conas mar a bhaileofar iad?**

Grianghraif agus/nó ainm agus seoladh, agus/nó físeáin, agus/nó píosaí scannáin drone

**Cén bunús dlí atá againn do Shonraí Pearsanta a phróiseáil?**

Is mar seo a leanas an bunús dlí atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun grianghraif/físeáin/píosaí scannáin drone a thógáil agus/nó ainmneacha agus seolta daoine atá ag freastal ar an ócáid a bhailiú:

- Airteagal 6.1(a) de na RGCS– ***tá cead tugtha*** *ag an duine is ábhar do na sonraí chun a c(h)uid sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh sainchuspóir amháin nó níos mó*;

**NÓTA DO THUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ AG AN ÓCÁID:** Má tá ceist agat maidir le grianghraif a bheith á dtógáil ag grianghrafadóir na Comhairle de do pháiste, cuir in iúl don ghrianghrafadóir é le do thoil.

**Cé leis a roinnfear do Shonraí Pearsanta?**

D'fhéadfadh go mbeadh na grianghraif/físeáin/píosaí scannáin drone a thógann grianghrafadóir/físghrafadóir na Comhairle ag an ócáid foilsithe ar Ardáin Mheáin Shóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, sna meáin agus d'fhéadfadh go mbeadh siad san áireamh freisin in albam grianghraif den ócáid.

**Céard iad do chearta?**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin mbealach a bpróiseálann Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta agus faoi do chearta, féach, le do thoil, Ráiteas Príobháideachais, Beartas Cosanta Sonraí agus Beartas Grianghrafadóireachta agus Físeáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá le fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle ag an NASC seo.

Nó féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag an uimhir 091 509319 nó ag dpo@galwaycoco.ie

**An Ceart Gearán a Dhéanamh chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí**

Is é https://www.dataprotection.ie láithreán gréasáin Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig ar:

Uimhir Guthán: 1800 437 737 / 01 765 0100 R-phost: info@dataprotection.ie

Seoladh: An Coimisinéir Cosaint Sonraí, Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSudaire, Co. Laoise, R32 AP23.